Guidhim Dia mór

[Gearóid Mac Niocaill, ‘Dhá dhán le Risteard Buitléir’, *Éigse* 9, 83-88]

Risteard Buitléir cct.

1 Guidhim Dia mór,
mo lón, mo liaigh;
a[i]lim re [a] thaeibh.
a naeimh ’na dhiaigh.

2 Uird aingel Chríst
dom dhín ar olc;
suibhisgél Dé
ná-m-léig a locht.

3 Asbuil mo rígh
go lín a slua[i]gh,
deisgibuil Dia,
dum-fia fa bhuaidh.

4 Martíre in Mhic
dom-lig fó [a] nd(h)ín;
connfesuir, fáidh,
dom dháil don Rí[gh].

5 Fea[dh]bha is uird ógh
a luirg Dhé mhóir,
’s na huile naemh:
dom-shaer na slóigh.

6 Trócuire Chríst,
dom dhín, ’s a fhuil;
a chroch-sa nae(i)mh
’na hae(i)n rom-ghuidh.  Guidhim.

7 Máth[a]ir Mhic Dhé,
Dia fé[i]n na nd(h)úil,
is Míchél mór,
mo lón gan ghú.  Guidhim.